

3G

# Modúl 1

## Seandálaíocht sa Seomra Ranga: *Cad a mhairfidh?*

*Foghlaim faoi sheandálaíocht agus obair an seandálaí*

### Comhtháthú agus Nascadh Curaclaim

*Féach Treoirlínte an Mhúinteora (as Béarla amháin) le breis eolas a fháil*

### OSIE Stair

**RANGANNA NAÍONÁN**

SNÁITHE: Scéalaíocht
- Snáithaonad: Scéalta

**RANG 1 & 2**

SNÁITHE: Scéalaíocht
- Snáithaonad: Scéalta

SNÁITHE: Athrú agus leanúnachas
- Snáithaonad: Leanúnachas agus athrú sa gharthimpeallacht

**RANG 3 & 4**

SNÁITHE: Staidéir áitiúla
- Snáithaonad: Mo Scoil
- Snáithaonad: Foirgnimh, láithreáin nó fothraigh i mo cheantar
- Snáithaonad: Mo cheantar trí na haoiseanna

SNÁITHE: Scéalaíocht
- Snáithaonad: Scéalta as saol daoine a mhair san am atá thart

SNÁITHE: Leanúnachas agus athrú le himeacht ama
- Snáithaonad: Leanúnachas agus athrú sa gharthimpeallacht

**RANG 5 & 6**

SNÁITHE: Staidéir áitiúla
- Snáithaonad: Scoileanna
- Snáithaonad: Foirgnimh, láithreáin nó fothraigh i mo cheantar
- Snáithaonad: Mo cheantar trí na haoiseanna

SNÁITHE: Scéalaíocht
- Snáithaonad: Scéalta as saol daoine a mhair san am atá thart

SNÁITHE: Leanúnachas agus athrú le himeacht ama
- Snáithaonad: Leanúnachas agus athrú sa gharthimpeallacht

### NASCADH

**OSIE Tíreolaíocht**
- Imshaoil dhaonna
- Imshaoil nádúrtha

**OSIE Eolaíocht**
- Dúile beo
- Ábhar

### COMHTHÁTHÚ

**Matamaitic**
- Cruth agus spás
- Uimhreas
- Sonraí

**Na hAmharcealaíona**
- Péint agus dath

**OSPS**
- Mise
- Mise agus an domhan mór

**Gaeilge**
- Éisteacht
- Labhairt
- Scríbhneoireacht
- Léitheoireacht

**English**
- Receptiveness to language
- Competence and confidence in using language
- Developing cognitive abilities through language
- Emotional and imaginative development through language

*"Bhí sé oideachasúil, spraíúil agus bhain mé an-sult as. Sílim go mbainfeadh páistí eile an-sult as freisin. Níl amhras ar bith ann ach gur ceann de na hábhair scoile is fearr é!"*


Dalta Rang 6







## CUSPÓIR



Tuiscint ghinearálta a thabhairt do na páistí maidir le seandálaíocht agus maidir le hobair an seandálaí trí thochailt shamhailteach a dhéanamh ina seomra ranga.

## AOISGHRÚPA



Tá an modúl seo oiriúnach do gach rang leibhéal.
Chun an modúl a láimhseáil i gceart do gach aoisghrúpa, féach Treoirlínte an Mhúinteora (as Béarla amháin)

## ÁBHAIR AGUS FEARAS



### Bileoga Oibre (BO)

- Dathaigh na déantúsáin **(BO1)**
- Dathaigh na séadchomharthaí **(BO2)**
- Cé acu seo atá in-bhith-dhíghrádaithe? **(BO3)**
- Séipéal/Scoil/Teach **(BO4)**

## ULLMHÚCHÁN

Beidh ar na páistí tuiscint ghinearálta a fháil ar an bhfocal seandálaíocht ar dtús. Scríobh an focal 'seandálaíocht' ar an gclár dubh (Féach an féidir leis na páistí an focal a litriú duit!) Is staidéar í an tseandálaíocht ar conas mar a mhair *daoine* san am *atá thart* trí fhéachaint ar *na hiarsmaí fisiciúla* atá fágtha ina ndiaidh. Cén tuiscint atá ag na páistí ar an bhfocal?


Is féidir na hiarsmaí fisiciúla a mbíonn spéis ag seandálaithe iontu a roinnt ina dhá chuid:
- déantúsán: rud iniompartha; potaireacht, seodra, srl. **(BO1)**
- séadchomhartha: caisleán, tuama meigiliteach, ciorcal liag, ráth srl **(BO2)**

Pléigh leis na páistí na hábhair a mhairfidh agus na hábhair a lobhfaidh. Tá sé tábhachtach a thuiscint nach mbíonn fágtha againn ach cuid den phictiúr mar go lobhfaidh cuid mhór ábhar thar tréimhse ama. Ní féidir leis an seandálaí ach staidéar a dhéanamh ar a bhfuil fágtha. **(BO3)**



**Nod: Úsáid samplaí áitiúla agus séadchomharthaí á bplé agat.**








# Tosaímis!

## Suíomh a Chruthú

- Pléascann bolcán nó tarlaíonn sleamhnú láibe i gcomharsanacht na scoile
- Fágtar an scoil faoi shraith dhomhain laibhe nó láibe
- Míle bliain ina dhiaidh seo tá an rialtas ag iarraidh stáisiún spáis a thógáil ar láthair na scoile
- Iarrtar ar na seandálaithe an láthair a scrúdú
- Cad a gheobhaidh siad?

## An Ghníomhaíocht

Pléigh leis an rang an tochailt seandálaíochta a dhéanfar ar láthair na scoile. Cad a aimseoidh na seandálaithe nuair a ghlanfaidh siad an clúdach laibhe nó láibe? Déan iarsmaí an tséadchomhartha (an scoil) agus na déantúsáin (inneachar na scoile) a aithint.

- **Séadchomhartha:** - cad a bheidh fágtha den fhoirgneamh?- cad iad a mhairfidh? -doirse?, fuinneoga? ballaí? Conas a bheidh a fhios ag an seandálaí gur scoil a bhí san fhothrach seachas áit chónaithe nó séipéal? (BO4)
- **Déantúsáin:** –cad a mhairfidh? cad nach mairfidh? – an dtugann siad nod ar bith duit faoi na húsáidí éagsúla a baineadh as na seomraí san fhoirgneamh.

**Nod:** Bíonn plaic le hainm na scoile scríofa uirthi ag formhór na scoileanna agus tá gach seans ann go mairfeadh sí seo sa bhrablach. B'fhéidir gur fearr an leid seo a choinneáil go dtí an deireadh agus fianaise eile a phlé ar dtús.

## Cad mar gheall ar na Daltaí?

Mairfidh coirp nó cnámharlaigh daoine i ndiaidh bolcáin nó sleamhnú láibe ag brath ar na coinníollacha.

Cad a thugann sé le fios dúinn má bhí duine fásta agus 35 páiste thart ar an aois chéanna i seomraí áirithe san fhoirgneamh? Pléigh na rudaí pearsanta a mhairfidh, mar shampla: éadaí, seodra, bróga, búclaí, líonadh fiaclóireachta. Cén t-eolas a thugann na déantúsáin seo dúinn mar gheall ar na páistí?

**Nod:** Ní gá an t-ábhar seo a phlé ach amháin má bhíonn tú compordach leis.

## Taighde Stairiúil

Tá taighde cúlra an-tábhachtach don seandálaí atá ag obair sa ré stairiúil. Cuirfidh an t-eolas seo go mór le tuiscint ar úsáid an fhoighnimh agus cad a tharla dó.

- Pléigh an t-eolas atá ar fáil ar an scoil faoi láthair; stair, na leabhair rolla; tuairiscí sna nuachtáin áitiúla ar ócáidí scoile (ceolchoirmeacha, spóirt); suíomh gréasáin na scoile, etc.
- Cé na taifid a mhairfidh i ndiaidh an bholcáin\sleamhnú láibe?
- Cá bhfaighfeá eolas breise: tuairiscí nuachtán/raidió/ teilifíse/finné súl ar an mbolcán/ sleamhnú láibe; (an mairfeadh iad seo?); srl.

**Nod:** Dírigh isteach ar thábhacht taifid a choinneáil agus iad a chur in áit shábháilte don todhchaí.





## Ag cur na bpíosaí le chéile

Tá an tochailt seandálaíochta cosúil le míreanna mearaí. Ach níl fágtha agat ach 100 den mhíle píosa a bhí ann agus caithfidh tú an pictiúr iomlán a thomhas. Ag deireadh na tochailte caithfidh an seandálaí tuairisc a scríobh ag míniú an eolais uilig a bailíodh. Caithfear an comhrá seo faoin mbolcán\sleamhnú láibe a chur i gcríoch mar an gcéanna.

Bain feidhm as an bpróiseas a úsáideann an seandálaí chun pictiúr iomlán a thógáil den am atá thart leis an bhfianaise a bailíodh i rith na tochailte.

- Scoil a bhí inti: Plaic le hainm agus le dáta oscailte na scoile
- Leagan amach na scoile: an seomra ranga (táblaí; cathaoireacha; doirse; fuinneoga); pasáiste; seomra na gcótaí; oifig; leithris srl.
- Bunscoil a bhí inti: aois na ndaltaí (4-12)
- An dtugann na déantúsáin a mhaireann aon eolas breise dúinn maidir le saol na scoile? (ríomhairí; trófaithe spóirt; dealbha diaganta srl.)

## An Ghníomhaíocht Dheiridh

Is iriseoir tú 1,000 bliain sa todhchaí ag tuairisciú ar thochailt seandálaíochta. Scoil atá á nochtadh a cailleadh de bharr bolcáin nó sleamhnú láibe. Scríobh tuairisc ar an tochailt. Cad a fuair na seandálaithe amach faoin saol scoile go luath san 21 céad?

## Naisc Ghréasáin

*Ag rangú rudaí sa seomra ranga*
**www.msnucleus.org/membership/html/k-6/as/benviron/k/asbek_2a.html**

*Pompeii - faoi scáth Vesuvius*
**www.archaeology.org/interactive/pompeii/index.html**



### Téarmaí

- Seandálaíocht
- Déantúsán
- Séadchomhartha

### Loga an Mhúinteora

*"Chruthaigh an modúl seo an-fhiosracht i measc na bpáistí agus spreagadh iad chun níos mó eolais a lorg."*

*Múinteoir Rang 4*

